Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine cáilithe go cuí ar a bheith ar phainéal don phost seo a leanas, painéal as a bhféadfar folúntais Bhuana agus Shealadacha, a eascraíonn le linn shaolré an phainéil, a líonadh.**

# *INNEALTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN*

**Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil:**

(a) (i) gnáthchéim baitsiléara ar a laghad (leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) san Innealtóireacht a bheith acu***,**

**NÓ**

(ii) gnáthchéim baitsiléara (leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) **agus** céim máistir iarchéime (leibhéal 9 ar an CNC) san Innealtóireacht a bheith acu,

**NÓ**

(iii) céim máistir (leibhéal 9 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) san Innealtóireacht a bheith acu, a baineadh amach tar éis clár comhtháite ar leibhéal máistir a mhair 4 bliana ar a laghad a chríochnú, agus a bheith creidiúnaithe mar CEng ag Innealtóirí Éireann nó ag comhlacht creidiúnaithe coibhéiseach go hidirnáisiúnta;

(b) **cúig** bliana ar a laghad de thaithí shásúil **ábhartha** innealtóireachta a bheith acu;

(c) oiliúint agus taithí theicniúil ar ardchaighdeán a bheith acu;

(d) taithí riaracháin ar ardchaighdeán a bheith acu;

(e) eolas sásúil a bheith acu ar eagrú seirbhíse poiblí nó an cumas a bheith acu eolas den sórt sin a fháil

***** Leagfar amach sa Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí a bhaineann leis an gcomórtas seo critéir chun na ceanglais oideachais atá leagtha amach in (a)(i) a mheas.

**Ba chóir d'iarrthóirí, ar dháta an iarratais, ceadúnas bailí iomlán neamhfhormhuinithe Éireannach/AE a bheith acu, le haghaidh feithiclí den Aicme B, nó ceadúnas atá inghlactha ag an SNCT le haghaidh aistriú go ceadúnas iomlán Éireannach,**

***Ní mór cinneadh ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bheith ag gabháil le Cáilíochtaí Neamh-Éireannacha chun a n-inchomparáideacht i gcoinne Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a dheimhniú, ní mór doiciméad aistriúcháin a bheith ag gabháil le cáilíochtaí ón gcoigríoch freisin.**

**Tuarastal: €60,255–€83,758**

*Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfar iarratais a ghearrliostú má fhaightear méid mór iarratas; bheadh an gearrliosta sin bunaithe ar chineál, ar fhad agus ar ábharthacht na taithí roimhe seo.*

Gheobhaidh tú foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí ar ár suíomh gréasáin www.galway.ie/ga nó is féidir iad a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Guth.; 091 509303, seoladh ríomhphoist hr@galwaycoco.ie. Is é **4pm ar an Déardaoin an 14 Bealtaine 2026** an dáta deiridh le haghaidh foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil.

***E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí.***
***IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***